



Polasaí Bí Cineálta Ghaelcholáiste Phort Láirge chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíochta Ghaelcholaiste Phort Láirge an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024*.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn.

Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar.

D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchúil nach iompraíocht bhulaíochta í.

Forbairt/Athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin	Modh comhairliúcháin
Foireann na Scoile	Aibreán/ Bealtaine 2025 10/04/25	Ceistneoir uile foirne, Traenáil leathlae & plé foirne
Scoláirí	11/04/25 Bealtaine 2025	Ceistneoir uile scoláire & Comhairle na Scoláirí
Tuismitheoirí	Márta 2025 07/05/25	Ceistneoir uile thuismitheoir & Cruinniú Choiste na dTuismitheoirí
Bord Bainistíochta	16/06/25	Cruinniú an Bhoird
Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus)	Ar lean	Comhráití & feasacht a chothú
An dáta ar faomhadh an polasaí: 16/06/25		
An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: 15/06/26		

Bunphrionsabail "Bí Cineálta" don Scoláire i nGCPL

1. Bí Cineálta i do chuid cainte - Labhair le meas agus le dea-bhéasa le gach duine.
2. Bí Cineálta i do ghníomhartha – Bí cabhrach, cúirtéiseach agus labhair amach má tharlaíonn bulaíocht duit nó do dhuine éigin eile.
3. Bí Cineálta le do chuid mothúchán – Seas i mbróga an duine eile le tuiscint & comhbhá i do chroí.
4. Bí Cineálta sa seomra ranga - Éist agus tabhair deis do gach duine páirt a ghlacadh.
5. Bí Cineálta sa chlós - Imir go cothrom agus labhair le meas agus cairdeas.
6. Bí Cineálta le d'áit foghlama - Coimeád an scoil slachtmhar agus sábháilte.
7. Bí Cineálta ar líne – Glac freagracht agus cúram go bhfuil do chumarsáid cineálta, measúil.

Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfí an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí.

1. Cultúr & Timpeallacht: Aithníonn an scoil an tábhacht agus an ról atá acu ag forbairt an scoláire iomlánaíoch idir fhorbairt acadúil, phearsanta, shóisialta. Aithnimid go bhfuil sé rí-thabachtach go bhfuil timpeallacht agus atmaisféar na scoile sábháilte, dearfach agus tacúil do gach scoláire. Ionas an cultúr agus timpeallacht seo a chruthú go seasmhach, laethúil cuireann Gaelcholáiste Phort Láirge roimhe i gcónaí:

- Atmaisféar fáilteach, taitneamhach, muinteartha, sábháilte a chruthú do chách sa scoil.
- Gach ball foirne feasach agus gníomhach ag cur cultúr chun cinn agus i bhfeidhm atá cothrom agus tacúil do gach scoláire agus ag cothú timpeallacht mheasúil, dearfach, sábháilte agus seasmhach sa scoil nach bhfuil aon ghlacadh le hiompar bulaíochta ann.
- Meon dearfach a chothú i measc na scolairí dá chéile le béim ar spiorad an choláisteachais agus an ionchuimsiú agus tuiscint acu go bhfuil ról ag gach duine acu ag cothú an dea-atmaisféir sin.
- Meas agus comhbhá a chothú i measc na scolairí do chách agus d'éagsúlacht gach duine.
- Tá bunús na tacaíochta "duine fásta maith amháin" leabaithe sa chóras tréadchúraim sa scoil. Scolairí ar an eolas agus ar an dtuiscint go bhfuil duine fásta iontofa ann dóibh ar scoil gur féidir leo tacaíocht agus muinín a chur iontu gur féidir leo comhrá a bheith acu leo go suaimhneach, díscrideach,
- An "scoláire freagrach" a chothú agus a fhorbairt leis an meon nach "binn béal ina thost" i gcónaí is fearr labhairt amach nuair a fheiceann siad go bhfuil bulaíocht nó éagóir ag tarlú.
- Tuismitheoirí a thabhairt ar bord mar chomhphairtithe in oideachas a bpáistí ag cabhrú chun timpeallacht agus cultúr scoile a chothú nach bhfuil aon ghlacadh le bulaíocht ann.
- Iompraíocht dhearfach agus sainspiorad na scoile a spreagadh, a aithint agus a mholadh i measc na scolairí. Moltar na scolairí trí chóras luaíochta na scoile ar VShare nuair a fheictear na dea-thréithe seo á leiriú acu. Aithnítear agus ceiliúrtar luachanna dearfacha agus éachtaí na scolairí ag tionóil, ar chuntais mheán sóisialta na scoile agus ag ócáidí ar nós Bronnadh na nGradam deireadh bliana.
- Timpeallacht fisiciúil slán, sábháilte a chinntiú sa scoil inar léir go bhfuil ionchur dearfach ag na scolairí féin ann.

- Imeachtaí foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a eagrú do na scoláirí chun feasacht an chairdis a chothú agus a cheiliúradh amhail Séasúr an Chairdis, Seas an Fód, club staideir, imeachtaí seach-churaclam, foirne spóirt, comórtais scoile agus idir-scoileanna, turais lae agus thar oíche, clubanna am lóin srl. Tugann na gníomhaíochtaí seo deiseanna do scoláirí cairdeas a thógáil, am neamhstruchtúrtha i rith an lá scoile a laghdú, mothú ceangailte leis an scoil agus a gcomhscoláirí agus cothaíonn imeachtaí comh agus seach-churaclaim timpeallacht scoile dhearfach agus ionchuimsitheach.
- Coinbhleachtaí a réiteach go síochánta agus gan ró-mhoill. Má tharlaíonn aon eachtra nach bhfuil ag teacht le prionsabail an pholasaí, spreagfar machnamh agus foghlaim chun iompar níos fearr a chothú. Cuirtear béim ar chosc réamhghníomhach seachas ag iarraidh fadhb a réiteach, “is fearr cosc ná leigheas”.

Maoirseacht – Aithníonn an scoil go bhfuil rí-thábhacht ag baint le maoirseacht chuí a bheith i bhfeidhm sa scoil ionas an bhulaíocht a sheacaint agus agus le cinntiú go mbraitheann na scoláirí go léir ar a gcompórd. Aithnítear áiteanna áirithe mar áiteanna le baol breise agus díríonn feitheoirí aird ar leith ar na hionaid sin le linn feitheoireachta. Cuirtear maoirseacht sceidealaithe i bhfeidhm ó thús na bliana agus tugtar treoir do fheitheoirí maidir lena ndualgas. Cuirtear feitheoireacht i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Sa chlós, ceantar na leithreas, hallaí, ag na taisceadáin agus sna seomraí ar maidin óna 8.15 go dtí 8.30, am sos & am lóin agus arís tráthnóna óna 3.20 go dtí 3.30 (Aoine ó 1.05 go dtí 1.15).
- Seomraí Ranga - Beidh múinteoirí i gcónaí i láthair sna seomraí ranga le linn amanna teagaisc agus am sosa/lóin déanfaidh an feitheoir i mbun feitheoireachta sa chlós faoi dhíon monatóireacht ar na seomraí seo go dtí go mbíonn taisceadáin réitithe/bia ite agus ansin cuirfear na doirse seo faoi ghlas agus téann na scoláirí amach sa chlós. Coimeádtar aon seomra nach bun seomra é faoi ghlas ach sa chás go bhfuil múinteoir ag múineadh ann.
- Ag teacht agus ag imeacht ó sheomraí idir ranganna - Iarrtar ar mhúinteoirí seasamh ag an doras ionas scoláirí a stiúradh amach agus isteach sna seomraí ranga ag cinntiú ord agus eagar i bhfeidhm.
- San astro – osclaítear an astró am lóin agus déanann feitheoir maoirseacht ann ag oscailt agus ag dúnadh na ngeataí ag an deireadh.
- Leithris am sosa/lóin - déanfaidh an feitheoir i mbun feitheoireachta sa chlós faoi dhíon monatóireacht ar na hionaid seo agus déanfar seiceáil rialta iontu le cinntiú nach bhfuil graffiti scríofa iontu. Tuigtear go bhfuil priobháideacht ag baint leis an ionad seo agus mar sin beidh gá don bhfeitheoir a bheith airdeallach faoi seo agus é sin a chinntiú.
- Imeachtaí scoile lasmuigh den scoil – Cuirfear dóthain feitheoirí chuig imeachtaí eagraithe ag an

scoil agus ní bhíonn cead fóin phóca a úsáid ach le cead múinteora. I gcás turas thar oíche cuirtear na fóin i bpócaí faoi ghlas agus tugtar cead tréimhse teoranta ama áirithe iad a úsáid um thráthnóna/oíche.

2. Curaclam - (Teagasc & Foghlaim) –

Gnáthaimh sa seomra ranga - Aithníonn Gaelcholáiste Phort Láirge an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais sa seomra ranga chun an bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic leis. Lorgaítear comhoibriú agus meas gach scoláire sa seomra ranga agus i ngach ábhar ionas atmaisféar sábhailte, dearfach foghlamtha a chinntiú. Feidhmíonn na gnáth chleachtais seo thíos i ngach seomra ranga:

- Tugtar treoracha do gach múinteoir ag cruinniú foirne ag tús na bliana faoi bhunchleachtais sa seomra ranga le cur i bhfeidhm agus pléitear na treoracha seo go minic leo. Cuirtear múinteoirí nua a thagann le linn na bliana ar an eolas faoi na treoracha seo freisin.
- Sna seomraí ranga suíonn na scoláirí i ngrúpaí beaga le chéile, le cúnamh plean suíocháin i bhfeidhm, agus déantar obair ghrúpa mar ghníomhaíocht ranga go rialta. Cothaíonn an timpeallacht ranga seo muintearas, spiorad na meithle oibre agus ionchuimsiú i measc na scoláirí.

Curaclam - Cuirtear ábhair curaclaim ar fáil i nGaelcholaiste Phort Láirge a thacaíonn le forbairt phearsanta agus shóisialta na scoláirí.

- Tá clár folláine i bhfeidhm sa scoil a fhreastlaíonn ar gach bliain ghrúpa agus a chuireann le dea-atmaisféar na scoile, a thacaíonn leis an bhfrith-bhulaíocht agus déantar athbhreithniú rialta air.
- Leanaimid sonraíocht curaclaim na Sraithe Sóisrearaí san OSPS, OCG agus san OSSP ina niomlán. Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) cabhrú le daltaí mothú go bhfuil siad cumhachtaithe chun caidreamh measúil agus sláintiúil a chruthú, a chothú agus a chothabháil leo féin agus le daoine eile. Soláthraíonn an tsraith Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) spás freisin do dhaltaí caidrimh agus gnéasacht dhaonna a scrúdú agus a mheas, rud a d'fhéadfadh tuiscint ar éagsúlacht a chothú a d'fhéadfadh cabhrú le bulaíocht bunaithe ar inscne agus féiniúlacht a laghdú chomh maith le gnéasachas agus ciapadh gnéasach. San Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), tá béim ar idirspleáchas daoine i bpobail, ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus idirnáisiúnta. Sna habhair OSSP, OSPS agus Oideachas Reiligiúnaigh déantar plé ar an éagsúlacht agus an iomchuisitheacht a leathnaíonn aigne agus meon scoláirí agus a chothaíonn meon na cothroime agus an chomhionannas agus a mhaolaíonn baol na bulaíochta.
- Déanann an Idirbhliain modúl breise anuas ar Fhorbairt Phearsanta a thugann deiseanna dóibh machnamh agus plé a dhéanamh ar ghnéithe sóisialta agus pearsanta ina bhforbraíonn siad tuiscint agus comhbhá i leith daoine eile.

- Chomh maith cuireann curaclam na Idirbhliana deiseanna ar leith ar fáil do na scoláirí amhail Obair Phobail gach seachtain, Gradam Gaisce, Garraíodóireacht, FÓS/YSI agus Ceannródaíthe an Todhchaí a thacaíonn le forbairt phearsanta agus sóisialta sna scoláirí agus a fhorbraíonn aibíocht, freagracht, comhbhá agus tuiscint iontu.
- I ranganna OSPS ag na sraithe sinsearaí sa scoil déantar plé ar ábhair amhail éagsúlacht, ionchuimsitheacht, idirspléachas agus ábair daonna eile a ligeann don scoláire a intinn a fhorbairt agus a leathnú agus teacht ar thuiscint oscailte, ionchuimsitheach ar éagsúlacht agus muintearas.
- Cuirtear deiseanna foghlama traschuraclaim ar fáil d’ár scoláirí a leabaíonn tréithe an ionbhá agus an muintearas iontu, imeachtaí ar nós comórtais idir ranganna, cur i láthair ó scoláirí sinsearacha do ranganna sóisearacha ar thopaicí ar nós sábhailteacht ar líne.
- In ábhair acadúla ar nós Béarla, Gaeilge, Stair, Tíreolas bíonn deis ag na scoláirí ábhair agus topaicí a phlé faoi stiúr a múinteoirí bunaithe ar théamaí maidir le bulaíocht, frith-bhulaíocht, ciníochas, éagsúlacht srl.
- Comhtháthú leis an gContanam Tacaíochta NEPS ar bhonn Innúlachta Sóisialta, Mothúcháinach & Iompair. Cuireann an scoil roimpi tacaíocht a thabhairt do gach scoláire ag aithint riachtanas an scoláire aonair agus riachtanas gach scoláire. Cuirtear tacaíocht ar fáil mar seo a leanas:
 - Tacaíocht do Chách: Cuireann an scoil roimpi cláir oideachas agus imeachtaí sóisialta agus pearsanta a sholáthair do na scoláirí atá aois oiriúnacha agus in oiriúint do riachtanais aitheanta ag an scoil do gach rang/bliain ghrúpa. Leantar clár “ Friends for Life” agus “Friends for Youth” le ranganna sóisearacha a chothaíonn an t-ionbhá agus cineáltas sna scoláirí.
 - Tacaíocht do Roinnt: Tacaíonn cláir ar nós Check & Connect, meantóireacht, Seomra Ciúin, cleachtais aisiríoch srl. ó scoláirí ar léir go bhfuil riachtanas sóisialta/pearsanta orthu agus ar léir go bhfuil cúnamh ag teastáil uathu chun forbairt agus feabhas a dhéanamh.
 - Tacaíocht do Bheagán: Cuidíonn idirghabhálacha saincheaptha agus Pleananna Tacaíochta do mhionlach scolairí. Leagtar amach straitéisí spriocdhírthe dá leithéid msh. grúpaí Scileanna Sóisialta, Pleananna Iompraíochta agus uaireanta lorgaítear cúnamh gníomhaireachtaí seachtracha i gcomhairle agus le tacaíocht tuismitheoirí.

3. Polasaí & Pleanáil – Tá folláine phobal na scoile ag croílár pholasaithe agus phleananna na scoile. Lorgaítear rannpháirtíocht na scoláirí i bhforbairt pholasaithe na scoile ionas a bhfeasacht a mhúscailt, a dtuiscint a fhorbairt ar a bhfuil sna polasaithe agus lena dtacaíocht a fháil ionas go mbeidh na polasaithe ag feidhmiú go héifeachtach. Tá polasaithe uile na scoile fite fuaite lena chéile. I measc na bpolasaithe scoile a bhaineann go dlúth leis an bPolasaí Bí Cinealta agus ag tacú le cur i bhfeidhm na frith-bhulaíocht tá:

- Cód Iompair na Scoile

- Polasaí úsáide inghlactha i leith an Mhéarphad
- Polasaí Úsáide Inghlactha i leith an Idirlín,
- An Ráiteas um Chaomhnú Leanaí
- Plean Folláine na Scoile
- An Polasaí Sláinte & Sábháilteachta
- An Polasaí Turas Scoile
- An Plean Treorach Uile Scoile
- An Polasaí OCG
- An Polasaí Fionraí & Díbeartha
- Tacaíonn an scoil le múinteoirí a bheith rannpháirteach i gcúrsaí foghlama gairmiúla (FGL), lena náirítear traenáil agus cúrsaí a bhaineann le hionchuimsitheacht agus éagsúlacht a chuimsíonn múinteoirí le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.
- Foireann Tacaíochta Scoláirí - Feidhmíonn FTS ina bhfuil na daoine seo a leanas ann: an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach, an Treoirchomhairleoir, an Comhordaitheoir AEN, na Príomhoidí Cúnta ábhartha, cinn bhliana agus oidí ranga . Tagann an Fhoireann Tacaíochta Scoláirí le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais na ndaltaí agus chun aghaidh a thabhairt orthu, ag cinntiú go bhfaigheann siad an tacaíocht riachtanach. Oibríonn siad córas *Check&Connect* ina mbuaileann múinteoirí le daltaí nuair a d'fhéadfadh inní a bheith curtha in iúl dóibh. Cuireann an FTS tacaíocht Iompar don Fhoghlaim ar fáil freisin chun cabhrú le daltaí iompraíochtaí dearfacha agus dearcadh i leith na foghlama a fhorbairt

4. Caidreamh & Comhpháirtíocht

Aithníonn Gaelcholáiste Phort Láirge an rí-thábhachtach a bhaineann le naisc láidre idirphearsanta chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air go héifeachtach. I measc na naisc idirphearsanta seo atá mar thacaíocht don scoil tá struchtúir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta amhail:

- Comhairle na Scoláirí – Tá ról na Comhairle lárnach i bpróiseas cinnteoireachta na scoile. Bíonn cruinnithe rialta acu chun ceistanna a phlé, feabhsúcháin scoile a mholadh, agus aiseolas a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de shaol na scoile. Cinntíonn an cur chuige comhoibríoch seo go bhfuil guth na scoláirí le cloisteáil i gcúrsaí atá bainteach leo féin, go bhfuil cumasú á chothú agus go bhfuil úinéireacht á ghlacadh ag scoláirí ar réimsí faoi leith de chúrsaí scoile.
- Club Óige – Tá nasc cruthaithe le seirbhís óige áitiúil a eagraíonn club óige d'ár scolairí sóisearacha gach Aoine tar éis scoile. Tugann scoláirí sinsearach na scoile cúnamh ag an gclub seo. Tugann an fóram seo deis do na déagóirí óga sóisialú i dtimpeallacht shábháilte agus

treisíonn se an ceangal ina measc.

- Club Staidéir – Tacaíonn scoláirí na hIdirbhliana le club staidéir a rith sa scoil do scoláirí na chéad/dara bliana uair sa tseachtain. Cothaíonn sé seo nasc agus ceangal idir na páirtithe seo.
- Coiste na dTuismitheoirí – Glacann Coiste na dTuismitheoirí ról tábhachtach agus gníomhach i saol na scoile. Eagraíonn siad ócáidí sóisialta fóna do thuismitheoirí amhail maidin chaife do thuismitheoirí na chéad bhliana, tráth na gceist do chlanna na scoile, crannchuir, ról gníomhach i gceiliúradh deireadh bliana Bliain 6, Ócáid Bhronnadh na nGradam. Is cuid lárnach de phobal na scoile iad tuismitheoirí agus tá ról tábhachtach acu, i gcomhpháirtíocht le scoileanna, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta
- Meitheal na hIdirbhliana – Cruthaítear alán deiseanna do lucht na hIdirbhliana forbairt phearsanta agus shóisialta a dhéanamh trí cheannas a thabhairt dóibh ag reachtáil imeachtaí éagsúla do bhliainghrúpaí eile na scoile agus do pháistí bunscoile chomh maith, amhail Club Staidéir tar éis scoile, comórtais & sraitheanna spóirt am lóin.
- Piar-mheantóireacht – Cuireann scoláirí sinsearacha sa scoil tacaíocht agus comhairle ar scolairí sóisearacha go háirithe lucht na chéad bhliana.
- Naisc leis na Gaelscoileanna sa cheantar - Táimid an-bhródúil as ár gcomhpháirtíochtaí lenár mbunscoileanna friothálacha. Eagraímid imeachtaí sóisialta éagsúla do pháisí sna bunscoileanna agus glacann lucht na hIdirbhliana ceannas ar chuid mhaith de na himeachtaí sin amhail Tráth na gCeist le linn séasúr Cheiliúradh na Gaeilge, Lá Oscailte do rang 6 sa Ghaelcholáiste, Blitz Peile idir Gaelscoileanna. Tugann na laethanta agus na gníomhaíochtaí seo deiseanna do scoláirí nascadh, cairdeas a thógáil agus tacú lena bpiaraí, ag cothú timpeallacht scoile dearfaí agus chuimsithí agus ag forbairt aibíochta agus freagrachta sna scoláirí i mbun na nimeachtaí.
- Gníomhaireachtaí Seachtracha – Téann an scoil i gcumarsáid agus i gcomhairle le seirbhísí tacaíochta seachtaracha nuair is gá m.sh. Oide & NEPS agus moltar do thuismitheoirí tacaíocht a fháil dá bpáistí má éiríonn an gá chuige ó sheirbhísí tacaíochta seachtaracha chun tacú le scoláirí m.sh. St. Bridget's, Pieta House, CAMHS - níl an liosta seo uileghabhálach.
- Aoíchainteoirí - Tugaimid cuireadh d'aoíchainteoirí ag amanna tráthúla éagsúla teacht chun ceardlanna a chur ar fáil atá aois oiriúnach agus aitheanta ag an scoil mar ábhar fócais don ghrúpa, san áireamh anseo bíonn fócas ar cheardlanna faoin mbulaíocht agus faoin sábháilteacht agus freagracht ar líne.

Cineálacha Iompraíochta Bulaíochta agus Straitéisí Coisctheacha

Iompraíocht Chibearbhulaíocht a Chosc

I measc na straitéisí chun iompraíocht chibearbhulaíochta a chosc tá na nithe seo a leanas i bhfeidhm sa scoil, nach liosta uileghabhálach é:

- An Cód Iompair – Plé rialta ag an oide ranga ar iompraíocht chuí ar líne mar chuid de chaighdeán iompraíochta an Chód Iompair agus cosc ar fhóin póca ar scoil agus le linn imeachtaí/turais scoile ach le cead agus faoi mhaoirseacht múinteora.
- An curaclam OSPS & OCG a chur i bhfeidhm.
- An curaclam um inniúlacht ar na meáin dhigiteacha i bhfeidhm, ar curaclam é ina múintear do scoláirí faoi iompraíocht fhreagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach.
- Comhráití rialta le scoláirí faoi chaidreamh atá measúil agus cineálta a chothú ar líne agus cainteanna ar shábháilteachta idirlín a reáchtáil do scoláirí chun feasacht a threisiú maidir le hiompraíocht chuí ar líne.
- Polasaí úsáide inghlactha an Mhéarphad agus Polasaí Úsáide i leith an Idirlín sínithe ag scoláirí agus a dtuismitheoirí ar chéad theacht isteach na scoláirí sa scoil agus na polasaithe sin i bhfeidhm le héifeacht sa scoil.
- Feasacht scoláirí a mhúsailt trí chlár imeachtaí eagraithe do lá na sábháilteachta idirlín. agus a ardú maidir le sábháilteachta ar líne tríd eolas a roinnt leo agus siesiúin eolais a chur ar fáil dóibh.
- Feasacht tuismitheoirí a ardú maidir le sábháilteachta ar líne tríd eolas a roinnt leo agus siesiúin eolais a chur ar fáil dóibh.
- Seiceáil rialata déanta ag múinteoirí ar mhéarphad na scoláirí le cinntiú nach bhfuil aon sárú á dhéanamh ar rialacha ná mi-úsáid na teicneolaíochta.

2. Iompraíocht Bhulaíochta Homafóbaí/Trasfhóbaí a Chosc

Tá sé de cheart ag gach scoláire lena n-áirítear scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha agus trasinscne a mhothú go bhfuil siad sábháilte inár scoil. I measc na straitéisí chun iompraíocht bhulaíochta homafóbaí agus trasfóbaí a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- Timpeallacht fhisiciúil ionchuimsitheach a chothú agus a choinneáil, ar nós póstaerí ábhartha a chur ar taispeáint
- Steiréitíopaí inscne a cheistiú
- Ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do scoláirí, d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí chun feasacht a mhúscailt ar thionchar na hiompraíochta bulaíochta homafóbaí

- Spreagadh a thabhairt do scoláirí labhairt amach nuair a fheiceann siad iompraíocht homafóbach ag tarlú.
- Éagsúlacht a aithint agus a cheiliúradh le linn seachtainí téamaí eagraithe mar chuid de pholasaí folláine na scoile.

Iompraíocht Bhulaíochta Ciníche a chosc

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta ciníche a chosc tá na nithe seo a leanas i bhfeidhm sa scoil, nach liosta uileghabhálach é:

- Tá cultúr scoile cothaithe againn ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina bhfeiceann scoláirí iad féin” ina dtimpeallacht scoile.
- Iad siúd a fheiceann iompraíocht chiníoch ag tarlú a spreagadh chun tuairisc a thabhairt air agus iad a mholadh agus aitheantas a thabhairt nuair a dhéanann siad é sin.
- Plé déanta i ranganna scoile agus trí ábair léitheoireachta scoile cuí ar thaithí saoil daoine ó chúlraí náisiúnta, eitneacha agus cultúir éagsúla.

Iompraíocht Bhulaíochta Gnéasaí a Chosc

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta gnéasaí a chosc tá na nithe seo a leanas i bhfeidhm sa scoil, nach liosta uileghabhálach é:

- Déanaimid cinnte go léiríonn baill foirne iompraíocht mheasúil agus go gcaitheann siad le scoláirí ar an mbealach céanna beag beann ar a ninscne
- Cinntimid go bhfuil na deiseanna céanna ag gach scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile beag beann ar inscne
- Déanaimid an éagsúlacht a cheiliúradh ar scoil agus tugtar aitheantas do rannpháirtíocht gach scoláire
- Ní dhéantar beag is fiú den chiapadh gnéasach amhail is gur magadh nó spochadh atá ann riamh.

Ciapadh Gnéasach a Chosc

- Ní ghlacann Gaelcholáiste Phort Láirge beag ná mór le ciapadh gnéasach riamh.
- Cuirtear oideachas agus tugtar feachtas ar an ábhar seo do scolairí sna ranganna OSPS agus Forbairt Phearsanta agus múintear do scoláirí faoi chaidreamh atá sláintiúil agus faoi conas caitheamh lena chéile ar bhealach measúil, cothrom agus cineálta.
- Foghlaimíonn na scoláirí óna heiseamláirí dearfacha atá laistigh de phobal na scoile chomh maith.

Ag dul i ngleic le hlompraíocht Bhulaíochta

Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc: rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta (SNA), maoirseoirí, glantóirí aon eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.

Iarrtar ar thiománaithe bus agus daoine eile atá ag cur seirbhísí ar fáil sa/don scoil, an scoil a chur ar an eolas faoi aon ócáidí bulaíochta a thugann siad faoi deara.

An príomhaidhm a bhíonn ag an scoil agus aghaidh á tabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus a oiread agus is féidir agus an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú, seachas milleán a chur.

An Próiseas Tuairiscie ar Iompar Bulaíochta

Fiosrófar aon tuairisc bhulaíochta a thagann ó aon bhall de phobal na scoile, scoláirí/ tuismitheoirí/ caomhnóirí s.rl. agus pléifidh an múinteoir ábhartha leis. Tá sé tábhachtach go dtuigeann gach éinne gur iompar freagrach é duine a chur ar an eolas faoi aon eachtra bhulaíochta a tharla dóibh féin nó do dhuine eile.

Moltar do dhaltáí agus cuirtear in iúl dóibh go rialta ag tionóil agus ina ranganna OSPS gur féidir leo scéal a chur in iúl dá rogha múinteora má cheapann siad go bhfuil bulaíocht ag tarlú dóibh nó do dhuine eile. Is féidir é seo a dhéanamh i roinnt slite difriúla, mar shampla:

- Labhairt le múinteoir tar éis ranga nó ag am éigin eile feiliúnach/príobháideach dóibh
- Nóta a thabhairt do mhúinteoir,
- R-phost a sheoladh chuig múinteoir ag tuairisciú na heachtra
- Glao gutháin a chur ar an scoil agus an scéal a insint dá rogha múinteoir
- Iarraidh ar thuismitheoir/caomhnóir/cara an scéal a insint do mhúinteoir ar a son.

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá ann d'aon scoláire ná duine eile ag tuairisciú iompraíocht bulaíochta:

Aon mhúinteoir a dtéann scoláire chuige/chuici

Seo a leanas na múinteoirí a **dhéanfaidh imscrúdú** ar bhulaíocht agus a dhéileálfaidh leis:

An t-Oide Ranga

an Ceann Bliana

An Leas-Phríomhoide

An Príomhoide

Cur Chuige an Fhiosraithe do ghnáth mhúinteoir, nach bhfuil luaite chun imscrúdú a dhéanamh:

- i. Cruthóidh an múinteoir spás/ionad príobháideach don scoláire chun e seo a dhéanamh
- ii. Éistfidh an múinteoir go cúramach, tuisceanach, neamh mhothúchánach le h'aon líomhain bhulaíochta a thagann a t(h)reo le hógar.
- iii. Ní dhéanfaidh an múinteoir breithmheas le linn an chomhrá.
- iv. Cuirfidh an múinteoir an scoláire ar a s(h)uaimhneas agus cuirfidh sé an in iúl dó go bhfuil sé sábhailte dó/di an tuairisc a thabhairt.
- v. Cuirfidh an múinteoir ceistanna: Cén daoine? Cén áit? Cathain? Cén fáth?
- vi. Féadfaidh an múinteoir iarraidh ar an scoláire tuairisc scríofa a thabhairt agus déanfaidh sé/sí é a ath-léamh don scoláire ag an deireadh le deimhniú go bhfuil sé/sí sásta go bhfuil na fíricí tugtha cruinn.
- vii. Míneoidh an múinteoir go gcuirfidh sé/sí bainistíocht na scoile ar an eolas faoin gcás agus go mbeidh aghaidh á thabhairt ar an scéal láithreach agus go mbeidh gá tuismitheoirí a chur ar an eolas.
- viii. Líonfaidh an múinteoir amach an Fhoirm Thaifeadta ar Thuairisc Bhulaíochta . Coimeádfaidh sé/ sí cóip de agus tabharfaidh sé/sí cóip don Ceann Bliana/Leas-Phríomhoide/Príomhoide a luaite agus is féidir agus tabharfaidh sé/sí an tuairisc scríofa an scoláire dó/di freisin, (más ann dó).

Cur Chuige an Fhiosraithe a Leanfaidh:

Nuair a thagann tuairisc ar eachtra bhulaíochta faoi bhráid ball den bhfoireann atá freagrach as iompar bhulaíochta a fhiosrú leanfaidh sé/sí an próiseas seo a leanas:

- i. Pléifidh sé/sí an tuairisc leis an múinteoir len ar labhair an scoláire ar dtús, (más ann an cás).
- ii. Cruthóidh an múinteoir am díscréideach agus ionad príobháideach don scoláire chun comhrá a dhéanamh chomh luath agus is féidir agus leanfaidh sé/sí céimeanna i go iv thuas.
- iii. Muna bhfuil an tuairisc scríofa déanta ag an scoláire cheana i gcéim vi thuas iarrfaidh an múinteoir ar an scoláire é seo a scríobh agus déanfaidh sé/sí é a ath-léamh don scoláire ag an deireadh le deimhniú go bhfuil sé/sí sásta go bhfuil na fíricí tugtha cruinn.
- iv. Pléifidh sé/sí leis an scoláire maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- v. I gcás ina léireoidh scoláire inní faoina thuismitheoirí a bheith á gcur ar an eolas, pléifear an t-ábhar inní leis an scoláire, tabharfar tacaíocht dó chun teacht ar shlí len' iad a chur ar an eolas.
- vi. Míneoidh an múinteoir go soiléir na céimeanna a leanfar chun an bhulaíocht a réiteach.
- vii. Líonfaidh an múinteoir amach an Fhoirm Thaifeadta ar Thuairisc Bhulaíochta.
- viii. Pléifidh an t- Oide Ranga, an Ceann Bliana, an Príomhoide/Leas-Phríomhoide an scéal ansin.
- ix. Déanfaidh an Ceann Bliana/ Oide Ranga fiosrú ar an gcás i gcomhairle le múinteoirí le fíricí a bhailiú. (Féadfaidh an Príomhoide/Leas-Phríomhoide é seo a dhéanamh i gcásanna

tromchúiseacha).

- x. Cuirfidh an Ceann Bliana/ Oide Ranga agallamh ansin ar an scoláire/scoláirí a bhfuil an gearán déanta ina leith lena thaobh den scéal a fháil agus iarrfar orthu tuairisc scríofa a thabhairt chomh maith.
- xi. Má bhíonn grúpa i gceist, cuirtear agallamh ar gach duine den ghrúpa go príobháideach, duine ar dhuine.
- xii. Féadfaidh go mbeidh gá freisin agallamh a chur ar scoláirí(í), nach mbaineann go díreach leis an gcás, le fíricí a dheimhniú.
- xiii. D'fhéadfaí bualadh le grúpaí scoláirí bainteach mar ghrúpa ina dhiaidh sin ag brath ar an gcomhthéacs agus ar dhinimicí an chás.
- xiv. Líonfaidh an múinteoir an fhoirm thaifeadta isteach le sonraí ábhartha agus coimeádfar taifead den phlé a rinneadh le gach duine a bhí i gceist, scoláirí & tuismitheoirí san áireamh.
- xv. Sa chás go niarrfaidh an scoláire a ndearnadh bulaíocht air/uirthi gan aon rud a dhéanamh faoin iompraíocht seachas "faire amach" dó/di déanfar é seo a phlé leis an scoláire le comhbhá agus le tuiscint, le hoibriú amach le chéile cad iad na bearta is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcás agus pléifear é seo leis na tuismitheoirí chomh maith. Sa chás go niarrfaidh tuismitheoirí ar an scoil gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh iarrfar orthu é sin chur chuig an scoil i scríbhinn.
- xvi. I bhfianaise chastacht na hiompraíochta bulaíochta glactar leis go ginearálta nach bhfuil aon chur chuige amháin a oibríonn go héifeachtach i ngach aon chás. Agus ar an mbonn sin déanfar cinneadh ar an gcur chuige is fearr a oireann do chúinsí .

Taifead & Doiciméadú

Coimeádfar taifead de gach cás bulaíochta i bhfillteán tuairisce bulaíochta a stórálfar faoi ghlas in áit sábháilte, príobháideach sa scoil.

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú.

Déanfar cinneadh faoin fhaid a choimeádfar taifid bunaithe ó chás go chás ag brath ar thromchúiseacht, féidearthachtaí athtarlúintí agus nascanna le cásanna eile.

Ag Teacht ar Chinneadh agus an Próiseas a Leanfar

Chun teacht ar chinneadh an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht tuairiscithe cuirfidh an múinteoir na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil an iompraíocht dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?

- An bhfuil dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach i gceist de bharr na hiompraíochta?
- An iompraíocht í atá tarlaithe arís agus arís eile?

Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht agus feidhmítear ar de réir an polasaí seo.

Más Níl an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht agus déileáilfear leis faoi Chód Iompair na scoile.

D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann eachtra aon uaire agus bulaíocht i gcásanna áirithe.

D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann agus iompraíocht bhulaíochta teachtaireacht ghoilliúnach amháin a phostáiltear ar na meáin shóisialta mar is ródhócha go ndéanfar í a roinnt mórán uaireanta agus mar sin déanfar iompraíocht leantach di.

Iompar Bulaíochta Lasmuigh den Scoil

Ní féidir leis an scoil freagracht a ghlacadh ar iompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach mbíonn scoláirí faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile.

Sa chás go mbíonn tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta sin ar scoil, áfach, déanfar gach iarracht tacú leis na scoláirí atá i gceist.

I gcás go leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil, déileáilfear leis de réir ár bpolasaí Bí Cineálta.

Sa chás nach scoláire ón scoil an scoláire a léiríonn iompraíocht bhulaíochta ach gur scoláire ón scoil an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici, tabharfaidh an scoil tacaíocht don scoláire sin agus déanfaimid plé leis/léi agus leis na tuismitheoirí chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta is féidir a dhéanamh.

An Próiseas a Leanfar ag Dul i nGleic le Teagmhas Iompar Bulaíochta

Sa chás go ndéantar cinneadh go raibh iompraíocht bhulaíochta ar bun ag scoláire ar scoil leanfar an próiseas seo:

- Cuirfear agallamh aonair ar scoláire(í) luaite sa tuairisc tugtha. Déanfar é seo, le hÍogair, i slí nach gcuirfidh as d'éinne agus ag tógáil cearta gach duine san áireamh agus ag tabhairt aird ar aois agus cumas an scoláire(í) atá i gceist agus ag tabhairt deis don scoláire a insint féin den scéal a thabhairt.
- Cuirfear in iúl go soiléir don scoláire/scoláirí an sárú a rinne siad ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile agus déanfar iarracht tabhairt air/uirthi an cás a fheiceáil ó dhearcadh an scoláire a d'fhulaing an bhulaíocht.
- D'fhéadfaí ceistneoirí sochghraim a úsáid.

- D'fhéadfaí modh na comhbhá a úsáid.
- Tabharfar tacaíocht do gach scoláire páirteach san fhiosrú i dtaca leis an mbrú a d'fhéadfadh a theacht orthu ó bhaill eile an ghrúpa tar éis an agallaimh leis an múinteoir.
- Cuirfear an scéal in iúl do thuismitheoirí an scoláire/na scoláirí i gceist agus míneofar dóibh conas a phléifear leis. Tabharfar deis dóibh plé a dhéanamh ar shlite gur féidir leo tacú le cur chuige na scoile ag teacht ar réiteach.
- Tá sé de dhualgas ar dhaltáí agus ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí comhoibriú leis an bhfiosrúchán agus cabhrú teacht ar réiteach ar an bhfadhb.
- Úsáidfear agallaimh aisiríoch, nuair is féidir.
- D'fhéadfaí comhdháil aisíorach a úsáid.
- D'fhéadfaí comhaontuithe idir scoláirí a idirbhreartú le monatóireacht leanúnach ar siúl ag múinteoirí sa phróiseas.
- D'fhéadfadh go bhféadfaí na páirtithe i gceist a thabhairt le chéile nuair a bheadh an scoláire a d'fhulaing an bhulaíocht réidh agus toilteanach agus i gcomhairle lena thuismitheoirí.
- Pléifear le cásanna bulaíochta faoi Chód Iompair na scoile.
- Ní mór a chur in iúl go soiléir do gach rannpháirtí (scoláirí agus thuismitheoir(f)) /caomhnóir(f)) i gcás ar bith más gá smachtbhannaí a chur i bhfeidhm gur ceist phríobháideach atá ann idir an scoláire a bheidh faoi smachtbhanna, a t(h)uismitheoir(f) /c(h)aomhnóirí agus an scoil.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach do na scoláirí atá i gceist fiú nuair a bheidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.
- Tráth nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh rachaidh an múinteoir i mbun plé arís leis na scoláirí agus na thuismitheoirí i gceist, agus i gcomhairle le múinteoirí ábhartha, le fáil amach an bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta
- Le cinneadh a dhéanamh ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach leis an gcás bulaíochta agus ag baint leas as an aiseolas faighte óna páirtithe bainteach déanfaidh an múinteoir/na múinteoirí a bhí ag plé leis an gcás breithiúnas ar na nithe seo:
 - An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta
 - An bhfuil ceisteanna idir na páirtithe réitithe, a oiread agus is féidir
 - An bhfuil caidreamh idir na páirtithe slánaithe, a oiread agus is féidir.
 - Déanfar taifead den chinneadh seo.

- Mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta déanfaidh an múinteoir athbhreithniú ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí agus leagfar síos amlíne le haghaidh tuilleadh plé go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.
- Más léir go bhfuil an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint leis an iompraíocht a léiriú déileáilfear leis an iompraíocht mhíchuí faoi Chód Iompair na scoile.
- Mura bhfuil tuismitheoir sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir na nósanna imeachta seo, ba chóir iad a atreorú chuig gnás gearán na scoile. Tá eolas breise a bhaineann le nósanna imeachta gearán na scoil ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/en/policyinformation/parental>
- Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi ar láimhseáladh gearán, féadfaidh an tuismitheoir gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an scoláire. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman do Leanaí ag: ococomplaint@oco.ie

Tacaíocht

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta:

- Moltar scoláirí as labhairt amach faoi aon eachtra bhulaíochta a tharlaíonn dóibh nó a thugann siad faoi deara ag tarlú.
- Tabharfar gach cabhair agus tacaíocht is féidir do scoláire/(í) a bhfuil nó a raibh bulaíocht á dhéanamh orthu, agus dóibh siúd atá ag déanamh na bulaíochta.
- Déanfar é seo go leanúnach tríd córas tréadchúram na scoile, tríd seirbhís comhairleoireachta na scoile más gá agus tríd na scoláirí sin a bheith gníomhach in imeachtaí éagsúla sa scoil.
- Beidh an oide ranga /ceann bliana i gcumarsáid/comhrá laethúil leis an scoláire/(í) ábhartha.
- Tabharfar aird ar leith ar aon chuma go bhfuil dalta ag diúltú páirt a ghlacadh i ngníomhachtaí éagsúla scoile, cluichí / turais s.rl.
- Déanfar gach iarracht féin-mhuinín agus féin fhiúntas an scoláire a threisiú sa seomra ranga agus in imeachtaí seach churaclaim.
- Bainfear úsáid as clár éagsúla do ranganna nó grúpaí scoláirí atá ar fáil m.sh #UP2US, Cool

School, Friends For Life, Webwise srl.

- Bainfear feidhm as Oide chun traenáil a chur ar mhúinteoirí.

Ath-threorú Cásanna Tromchúiseacha:

Sa chás go bhfuil buairt faoi bhainistíocht iompar scoláire lorgófar comhairle ón Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

Más ábhar inní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*.

Maoirseacht an Bhoird ar an bPolasaí:

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo.

Foilsiú

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Glacadh & Faomhadh/ Acceptance & Approval

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an mbeartas seo ar:

Approved by the Board of Management on:

Dáta 16-06-2025

Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ar an mbeartas seo ar:

Policy latest reviewed on:

Dáta 15-06-2026

Sínithe ag/Signed by: *M.P. Ó Madagáin*

Frank Ó Madagáin

Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/ *Chairperson of Board of Management*

Sínithe ag/Signed by: *Cáit Ní Shé*

Cáit Ní Shé

Príomhoide GCPL/Principal GCPL

AGUISÍN A - CINEÁLACHA ÉAGSÚLA IOMPAIR BHULAÍOCHTA

1. Iompraíochtaí Ginearálta a Bhaineann le Gach Saghas Bulaíochta

- **Ciapadh** bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa Reachtaíocht Comhionannais m.sh. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, s.rl.
- **Forrántacht** fhisiciúil (lonsaí).
- **Damáiste** do mhaoín.
- **Leasainmneacha** a ghlaoch.
- **Cleithmhagadh**, jócanna neamhfháilteach, teanga mhaslaitheach.
- **Pictiúir, focail i scríbhinn**, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú.
- **Graifítí maslach**.
- **Sracadh** - (éileamh airgid nó maoín duine eile faoi bhagairt/bhrú).
- **Gadaíocht** - maoín duine eile a ghoid.
- **Imeaglú**
- **Gothaí maslaitheacha** nó gáirsiúla
- **'Amharc'** faoi leith
- Cur isteach ar **spás pearsanta**.
- **Ag piocadh** ar dhuine éigin nó ag socrú go dteipeann air/uirthi nó uisce faoi thalamh .
- **Ráitis ghránna** faoi chuma duine éigin.
- **Ráflaí, bréaga nó biadán** a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile.
- **Spreadadh**, tacú le duine i mbun na bulaíochta.

2. Bulaíocht ar Líne – Ciber-Bhulaíocht

- **Tromaíocht**: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh ar líne chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile.
- **Ciapadh**: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach.
- **Pearsanú**: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile.
- **Gríosadh**: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreadadh
- **Cleasaíocht**: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin.
- **Sceitheadh**: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt.

Appendix B – Different Forms of Bullying Behaviour

1. General Behaviour which apply to all types of Bullying

- **Harassment** based on any of the nine grounds in the equality legislation e.g. sexual harassment, homophobic bullying, racist bullying etc.
- **Physical aggression**
- **Damage** to property
- **Name calling**/the use of nicknames
- **Slagging** and unwelcome jokes or banter or abusive language.
- The production, display or circulation of **written words, pictures** or other materials aimed at **intimidating** another person.
- **Offensive graffiti**
- **Extortion**
- **Stealing**
- **Intimidation**
- **Insulting** or offensive **gestures**
- **The "look"**
- **Invasion of personal space**
- **Picking** on someone or setting someone up to fail
- **Demearing** comments about a person's appearance
- **Rumours, lies or gossip** belittling someone.
- **Enticing, supporting** someone engaging in bullying behaviour.

2. Online or Cyberbullying:

- **Denigration**: Spreading rumours, lies or gossip to hurt a person's reputation.
- **Harassment**: Continually sending vicious, mean or disturbing messages to an individual.
- **Impersonation**: Posting offensive or aggressive messages under another person's name.
- **Flaming**: Using inflammatory or vulgar words to provoke an online fight
- **Trickery**: Fooling someone into sharing personal information which you then post online.
- **Outing**: Posting or sharing confidential or compromising information or images

- *Leithcheal*: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó.
- *Cibear-stalcaireacht*: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine.
 - *Glaos* tostach gutháin/gutháin phóca
 - *Glaos* maslach gutháin/gutháin phóca.
 - *Teachtaireacht téacs / teachtaireacht láithreach mhaslach*.
 - *Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach*
 - *Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta* e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube/Snapchat nó ar chonsól chluichí.
 - *Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín*
 - *Postálacha mhaslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide*
 - *Ag postáil íomhánna nó físeán go poiblí de dhuine eile gan a c(h)ead.*
 - *'Féigniú'* ag glacadh rochtana ar chuntais dhuine eile chun trioblóid a chothú dóibh.
 - *Tuairisciú bréagach.*

3. Iompraíocht Bunaithe ar Aitheantas – Luaitear 9 gcinn de fhoras sa Reachtaíocht Um Chomhionannas lena náirítear: –

a. Inscne lena n-áirítear Trasinscne, b. Stádas Sibhialta, c. Stádas teaghlaigh, d. Claonadh Gnéasach, e. Reiligiún, f. Aois, g. Míchumas, h. Cine agus i. Ballraíocht de Phobal an Lucht Siúil .

a. Homafhóbac agus Trasinscne:-

- *Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine*
- *Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici.*
- *Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine.*
- *Imeaglú fisiciúil nó ionsaí.*
- *Cáineadh poiblí agus gríosú chun achasán a chaitheamh le duine.*
- *Bagairtí.*
- *Aonrú agus imeallú bunaithe ar chlaonadh duine éigin.*

b. Stádas Sibhialta, Cine, Náisiúntacht, Cúlra Eitneach, Creideamh, Ballraíocht de phobal an Lucht Siúil: -

- *Idirdhealú.*
- *Réamhchlaonadh.*

- *Exclusion*: Purposefully excluding someone from an online group.
- *Cyber stalking*: Ongoing harassment and denigration that causes a person considerable fear for his/her safety.
- *Silent telephone/mobile phone call.*
- *Abusive telephone/mobile phone calls.*
- *Insulting text messages/instant messaging.*
- *Abusive email.*
- *Abusive communication on social networks* e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube/Snapchat or on games consoles.
- *Abusive website comments/Blogs/Pictures.*
- *Abusive posts on any form of communication technology .*
- *Posting pictures and video.*
- *'Fraping'/ accessing someone's accounts to make trouble for them.*
- *False reporting.*

3. Identity Based Behaviours:-

Including the nine discriminatory grounds mentioned in Equality Legislation which include:

a. Gender including transgender, b. Civil status, c. Family status, d. Sexual orientation ,e. Religion, f. Age, g. Disability, h. Race and i. Membership of the Traveller community.

a. Gender, Homophobic including Transgender:-

- *Spreading rumours about a person's sexual orientation*
- *Taunting a person of a different sexual orientation.*
- *Name calling e.g. Gay, queer, lesbian...used in a derogatory manner.*
- *Physical intimidation or attacks.*
- *Threats.*
- *Publicly condemning/inciting condemnation.*
- *Isolation and exclusion based on orientation .*

b. Race, nationality, ethnic background and membership of the Traveller community:-

- *Discrimination,*
- *Prejudice,*

• <i>Ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil.</i> • <i>Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas.</i> C. Caidreamhach:- <i>Is éard atá i gceist anseo ná caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh.</i> Ar na hiompraíochtaí tá:- • <i>Biadán maslach</i> • <i>Leithcheal agus aonrú</i> • <i>Neamhaird</i> • <i>Leithcheal ó ghrúpa</i> • <i>Cairde a bhaint de dhuine</i> • <i>Bitseáil'</i> • <i>Ráflaí a scaipeadh</i> • <i>Rún a sceitheadh</i> • <i>Caint mhaslaitheach, tarcaisneach, sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í.</i> • <i>'Amharc' faoi Leith/ Drochshúil bhagrach, mhaslach.</i> • <i>Achasán a chaitheamh m.sh. 'Nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.</i> • <i>Diúltiú nó ag caitheamh anuas ar chreidúintí duine eile.</i> • <i>Jócanna mídheasa i ngrúpaí.</i> • <i>Ráitis nó teagmháil mí-oiriúnach ná neamhfháilteach</i> • <i>Ciapadh</i> d. Gnéasach:- • <i>Ráitis nó tadhall gnéasach mí-chuí nó gan choinne.</i> • <i>Ciapadh.</i> • <i>Ionradh ar spás pearsanta.</i> • <i>Iompar mí-oiriúnach gnéasach i ngrúpaí.</i> e. Riachtanais Speisialta Oideachais, Mí-Chumas:- • <i>Leasainmneacha a ghlaoch.</i> • <i>Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a m(h)íchumas nó riachtanais foghlama.</i> • <i>Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint.</i> • <i>Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint.</i> • <i>Aithris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile.</i> • <i>Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile.</i> • <i>Naimhdeas a thaispeáint.</i> • <i>Aonrú agus imeallú .</i>	• <i>Comments or insults about colour, nationality, culture, social class, religious beliefs, ethnic or traveller background.</i> • <i>Exclusion on the basis of any of the above.</i> c. Relational:- <i>This involves manipulating relationships as a means of bullying.</i> Behaviours include:- • <i>Malicious gossip</i> • <i>Isolation & exclusion</i> • <i>Ignoring</i> • <i>Excluding from the group</i> • <i>Taking someone's friends away</i> • <i>"Bitching"</i> • <i>Spreading rumours</i> • <i>Breaking confidence</i> • <i>Talking loud enough so that the victim can hear</i> • <i>The "look"</i> • <i>Use or terminology such as 'nerd' in a derogatory way</i> • <i>Being dismissive of others sincerely held beliefs</i> • <i>Unpleasant or nasty jokes in a group situation</i> • <i>Inappropriate or unwelcome comments or contact</i> • <i>Teasing</i> d. Sexual:- • <i>Unwelcome or inappropriate sexual comments or touching</i> • <i>Harassment</i> • <i>Invasion of personal space</i> • <i>Inappropriate sexual behaviour in group situations</i> e. Special Educational Needs, Disability:- • <i>Name calling</i> • <i>Taunting others because of their disability or learning needs</i> • <i>Taking advantage of some pupils' vulnerabilities and limited capacity to recognise and defend themselves against bullying</i> • <i>Taking advantage of some pupils' vulnerabilities and limited capacity to understand social situations and social cues.</i> • <i>Mimicking a person's disability</i> • <i>Setting others up for ridicule</i> • <i>Showing open hostility</i> • <i>Isolation and exclusion</i>
---	---